

Scéalta na Scéime

2020/2021

Agus an bhliain aisteach
seo ag teacht chun
deiridh...

AN SCÉIM CHÓNAITHE

Nóta ó Oifigeach na Gaeilge

A chairde,

Molaim go mór grúpa na Scéime Cónaithe as an méid atá bainte amach i mbliana. Bliain thar a bheith dúshlánach a bhí ann agus ní mór a aithint nach raibh na deiseanna céanna agus a bhíonn ann de ghnáth chun cairdeas, comhlúadar agus muintearas a chothú sa ghrúpa. Ní hamháin sin, ach tá roinnt mhaith daoibh nach raibh sé de sheans agaibh a bheith ar an gcampas a bheag nó a mhór ó mhí Mheán Fómhair seo caite.

É sin ráite, rinneadh an-iarracht aidhmeanna na Scéime a bhaint amach agus an Ghaeilge a chur chun cinn san iliomad bealaí ar líne.

Bíonn áit lárnach ag an Scéim Cónaithe i saol Gaeilge Choláiste na Tríonóide. Ceadaíonn sí do mhic léinn ó dhisceiplíní éagsúla staidéir saol trí Ghaeilge a bheith acu agus iad san ollscoil. Ina theannta sin, cruthaíonn gníomhaíochtaí na Scéime deiseanna do mhic léinn eile na hollscoile teacht isteach ar an teanga agus í a úsáid sa saol laethúil.

I measc na ngníomhaíochtaí sin a reáchtáladh i mbliana bhí fiseáin chócaireachta, ócáid Tóg Amach Mé, feachtas 'Daonra na Scéime' ar Instagram, fiseáin TikTok, PilaTae, agus iris fhíorúil filíochta agus phróis dar teideal 'Dánacht' (<http://danacht.com/>). Sa bhreis air sin, rinneadh plé ar ábhair thábhachtacha cosúil le cúrsaí rochtana san ollscoil le haoichainteoirí ó Trinity Ability Co_op, gairmeacha le Gaeilge le haoichainteoirí éagsúla atá ag obair leis an teanga cosúil le Caitlín Nic Aoidh ó TG4, agus agallaimh aonair ar phearsantachtaí cosúil le Sinéad Ní Uallachacháin, Cian Ó Gríofa agus Manchán Magan.

Chuir tacaíocht agus spiorad na mac léinn Scéime go mór leis an gciorcal comhrá seachtainiúil agus é ar líne i mbliana. Chabhraigh sé chun comhlúadar a chruthú do dhaoine i dtréimhse an-deacair agus uaigneach agus baineadh an-taitneamh as an gceol, amhránaíocht agus filíocht ag na Pop-Up Gaeltachtaí. Cuireadh tús leis an bhfeachtas Gaelchara den chéad uair agus ba thacaíocht thábhachtach é do mhic léinn na céad bhliana agus iad ag iarraidh teacht isteach ar shaol na hollscoile i mbliana.

Ba mhór an trua é nach rabhthas in ann teacht le chéile ó thúis na bliana agus beidh mé ag súil go mór le bualadh libh ar an gcampas amach anseo nuair is féidir é sin a dhéanamh.

Tréaslaím leis an bhfoireann eagarthóireachta as a cuid díograise chun an t-irisleabhar a dhearadh agus a chur le chéile. Is iad sin Niamh Ní Dhubhaigh, Conchúr Ó Fionn, Tara Ní Mhaoldúin Bhreasláin, Eimear Ní Chinnéide agus Maitiú de Bhaltún. Táim fíorbhuíoch chomh maith don mheantóir, Ríoghnach Ní Aoláin, agus do Clodagh Ní Phiobaire de Breit a bhí mar mheantóir sa chéad téarma, as a gcuid oibre agus as an tacaíocht a thug siad don oifig seo i mbliana.

Tá súil agam gur chabhraigh an Scéim libh chun tairbhe a bhaint as bliain as an ngnáth. Guím gach rath oraibh amach anseo agus tugaigí aire daoibh féin.

Áine Ní Shúilleabháin
Oifigeach Gaeilge Choláiste na Tríonóide

Nóta ó na Meantóirí

Le gach rud atá ag tarlú i mbliana, bhí rudaí saghas difriúil agus bhí beirt mheantóir ag an Scéim Chónaithe, Clodagh agus Ríognach!



Dia dhaoibh! Is mise Clodagh agus bhí mé i mo mheantóir don chéad téarma! Bhí mé ar Scéim an champais i mbliana agus sna hallaí nuair a bhí mé sa chéad bhliain! Bhain mé an-taitneamh as mo chuid ama ar an Scéim Chónaithe, an seans a fháil aithne a chur ar dhaoine nua agus an Ghaeilge a labhairt go laethúil! D'oibrigh gach duine le chéile i mbliana chun an Scéim Chónaithe a thabhairt ar líne, agus go raibh míle maith agaibh do gach duine a bhí páirteach in aon slí i mbliana <3

Haigh a chairde, is mise Ríognach agus bhí mé mar mheantóir na Scéime i gcomhair an 2ú leath don bhliain. I mo chéad bhliain bhíos mar bhall den Scéim chomh maith agus i mbliana táim ar an Scéim ar champas. Thug an Scéim deis iontach dom imeachtaí suimiúla a chur ar siúil agus bualadh le daoine nua (thar Zoom den chuid is mó ar ndóigh ach nuair atá an comhlúadar maith ní chuireann sin isteach ort an iomarca!) D'éirigh le baill an Scéim ar fad tógraí fíor rathúil a chur ar siúil agus teacht le chéile chun pobal bríomhar a chruthú.



Ba phribhléid mór a bhí ann don bheirt againn a bheith mar mheantóir i mbliana agus go háirithe oibre le grúpa chomh chairdiúil, oscailte, díograiseach agus ar ndóigh Gaelach!

Le grá mór,
Ríognach agus Clodagh xx

Coinnigh súil amach do na cuimhní is fearr atá ag muintir na Scéime ón mbliain!

Nuair a chur mé féin agus Eimear 'Cumann Get Your Love' ar siúl, bhí mí den chéad scoth againn ag scaipeadh an ghrá, is an Ghaeilge ar fud na hollscoile.

Daonra na Scéime

Muintir na Hallaí

Niamh Ní Dhubhaigh



Caidé mar atá sibh? Is mise Niamh agus tá mé ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge agus an Fhraincis. Is as Dún na nGall mé ó dhúchais agus tá mé chomh sásta gur thapaidh mé an deis le bheith ar Scéim na dara bliana. Chloisfidh sibh mé ag rá 'iontach deas' barraíocht thart ar an árasán i gcónaí agus caithfear a rá go mbíonn bród orm nuair a cloisim an éifeacht atá ag mo chainúint ar mo chomrádaithe tí. Hup Gaeilge Thír Chonaill! Bhí áthas an domhain orm áit a fháil ar an Scéim i mbliana chun mo chuid Gaeilge a chleachtadh Domhnach is dálach, rud a théann chun mo thairbhe maidir le mo chúrsa. Tá ríméad orm a rá gur bhuail me le daoine iontacha i mbliana, agus beidh cuid acu mar chairde agam ago deo. Bainigí sult as an irisleabhar a léamh!

Maitiú de Bháltún

Cén chaoi ina bhfuil sibh! Is mise Maitiú agus táim féin sa dara bhliain ag déanamh Léinn Eorpach. Tar éis bogadh ó thuaisceart Bhaile Átha Cliath, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil an deisceart i bhfad níos deise. Táim beagáinín gafa le The Office (leagan na Stáit Aontaithe ar ndóigh). Is díoltóir leabhar mé sa Siopa Leabhar agus beidh mé dul chuig na Spáinne (wúp) do Erasmus an bhliain seo chugainn, agus táim fíor-shásta le bheith páirteach sa Scéim an bhliain seo. Tar chuig an gciorcal comhrá chun bualadh le gach duine san irisleabhar seo!



Conchúr Ó Fionn



Haigh gach duine! Is mise Conchúr Ó Fionn agus is as Contae na Mí mé féin. Táim sa dara bhliain ag déanamh stáidéir ar an Cheimic. Táim ar Scéim na Dara bliana i Halla na Tríonóide, Dártraí. Is aoibhinn liom a bheith ar an Scéim Chónaithe mar is féidir liom mo Ghaeilge a choinneáil suas cé nach bhfuil Gaeilge ar bith ag baint le mo chúrsa faoi láthair. Phioc mé mo chuid Gaeilge suas ar scoil, na Coláistí Samhraidh Coláiste Chiaráin agus Coláiste Lurgan, agus rudaí eile a bhí i mo shaol. Bhuail mé le go leor cairde i mo shaol tríd an Ghaeilge agus táim an-bhuíoch de. Bíam ag rothaíocht agus ag canadh i m'am saor nuair nach bhfuil mé ag stáidéir go crua (nó moill a dhéanamh). Is mise an Rúnaí le haghaidh Cairde de Chór na hOllscoile Baile Átha Cliath agus an t-Oifigeach Caidrimh Poiblí den Theo chomh maith. Is aoibhinn liom an canúint Conamara, i ndáiríre. Tá sé iontach ar fad. Bígí slán a chairde, feicfidh mé sibh!

Tara Ní Mhaoldúin Bhreasláin

Bhuel kidd conas atá? Tara Ní Mhaoldúin Bhreasláin anseo. Is as Contae Luimnigh mé agus tá mé sa dara bhliain ag déanamh staidéir ar an leigheas. Is aoibheann liom mo phlandaí tí agus scannáin! Seinnim an chlárseach agus tá mo chroí istigh a bheith ag snámh san fharraige. Ó thaobh na Gaeilge de, ceapaim go mbailíonn brobh beart. Dá bharr na Scéime, is féidir liom comhrá as Gaeilge a spreagadh le níos mó daoine timpeall an choláiste agus níos minice ná riamh. Freisin, bíonn craic againn i gcónaí ag na himeachtaí a eagraíonn an Scéim, an Cumann agus an Chaeloifig.



Eimear Ní Chinnéide



Heileoigí! Cén chaoi ina bhfuil sibh? Is mise Eimear Ní Chinnéide agus táim sa dara bhliain ag déanamh staidéir ar MSISS. Is an an gClár/as Luimneach dom - rugadh agus tógadh mé i Luimneach, ach ansin bhog mé go dtí an Clár, mar sin tá géarchéim fhéiniúlachta agam anois. Táim ar Scéim na Dara Bliana i Halla na Tríonóide i mbliana! I dtosach báire nuair a bhí mé ar an bhunscoil, bhí íomhá den Ghaeilge agam mar ábhar scoile amháin, ach ansin nuair a thosaigh mé ag foghlaim na Géarmáinise agus na hIodáilise, thuig mé an tábhacht agus an áilleacht a bhaineann le teangacha, go háirithe ár dteanga dhúchais. Anois bím ag úsáid na Gaeilge gach lá i m'árasán, go rialta le mo chairde Gaeil agus sa Chumann Gaelach, agus freisin nuair a bhím ag féachaint ar TG4 - táim gafa le Ros na Rún agus tá muintir m'árasán tinn tuirseach díom agus mé a lua. Tar éis na pandéime rachaidh mé caol díreach chuig an gclub oíche is gaire agus fanfaidh mé ann ar feadh seachtaine ar a laghad. Ansin ba mhaith liom dul abhaile agus cuairt a thabhairt ar mo theaghlach ar fad. Sa choláiste go ginéaralta bím páirteach sa Chumann Gaelach, san SMF, sa Chumann Chomhairliúcháin agus an Cumann MSISS.

Aisling Ní Ghallchóir

Is mise Aisling Ní Ghallchóir agus is as an Tulach Mhór dom (lár tíre abú!) Táim sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar Ríomheolaíocht agus Gnó. Cé go bhfuil sé thar a bheith ait agus ciúin i mbliana anseo i Halla na Tríonóide, bíonn craic den scoth ar an Scéim. Mhúscaill mo mhúinteoirí Gaeilge grá don teanga ionam. Mhúin siad an fhreagracht atá orainn mar dhaoine óga ár gcultúr dúchais a choinneáil i gcónaí sa saol. Chomh maith leis sin, tá mé fíor-bhuíoch as an mbaint atá ag mo cholceathracha le Coláiste Lurgan agus iad ag spreagadh mé chun mo shamhraidh a chaitheamh ann. I mo thuairimse, is rud an-speisialta é ag cruthú cairde tríd an Ghaeilge. Is iad mo Ghaelchairde roinnt de mo chómrádaithe is fearr sa saol.



Aimee Ní Dhufaigh



Haigh! Is mise Aimee agus is as Muineachán mé. Is mac léann de chuid BESS na céad bliana mé. Toisc nach bhfuil aon Ghaeilge ag baint le mo chéim, táim fíor-bhuíoch go bhfuil an deis agam a bheith ag caint is ag comhrá le mo chomhrádaíthe tí lá i ndiaidh lae. Is maith liom a bheith ag rith, ag cócaireacht agus tá an-suim agam i gcúrsaí timpeallachta. Ní dhiúltóinn tairscint chun greim bhia nó caife a fháil choíche, rud nach réitíonn mo chuntas bainc le. Is bean mhór chumarsáide mé (tá seans ann go bhfuil mé ró-chainteach uaireanta) agus muna bhfuil mé ag déanamh iarracht coinneáil suad le mo chuid oibre, is dócha go bhfuil mé ag cur isteach ar gach duine sa chistin.

Brian Ó Broin

Cén chaoi ina bhfuil sibh? Brian Ó Broin is ainm dom. Is as contae Cheatharlach dom- an rud is annamh is iontach, mar a deirtear! Táimse sa chéad bhliain ag gabháil don leigheas. Cé go bhfuilim an-ghnóthach i mbliana, déanaim mo dhícheall chun mo phríomh caitheamh aimsire a choimeád suas - seinnim an pianó agus an chlairinéid agus gach saghas ceol, ó chinn classaiceacha go snagcheol. Thug mo chroí taitneamh don Ghaeilge go háirithe sa chúigiú bhliain nuair a d'fhreastail mé ar choláiste samhraidh Spleodar i gConamara don chéad uair. Bhain mé an-sult as an taithí ar fad, agus mar sin, d'éirigh toil ionam chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach áit a théim. Is cuid d'ár gcultúr í, ar ndóigh! Le cúnamh Dé, rachaidh mé siar chun a bheith i m'ardchinnire an samhradh seo chugainn, nuair atá chuile rud ar ais mar a bhíodh! Thairis sin, bíonn an chraic thar barr an t-am ar fad ar an Scéim, is ainneoin na deacrachtaí a bhaineann le saol sa choláiste le linn na pandéime Chóróinvíris. Is deis iontach í agus gan aon amhras cabhraíonn an Scéim liom chun a bheith compordach agus sona-sásta agus mise ag tosú an chéad chaibidil eile i mo shaol san ollscoil.



Áine Nic Gearailt



Dia dhaoibh, is mise Áine Nic Gearailt agus is as Loch Garman mé! Táim sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar chógaslann. Muna bhfuil mé ag obair, is aoibhinn liom a bheith ag imirt camógaíochta agus peil ghaelach, ag seinm ceoil nó ag caint le daoine eile san arasán. Ceapaim go bhfuil an rud is fearr faoin Scéim ná an pobal beag atá againn i Halla na Tríonóide. Más rud é go bhfuil leadrán orm, tá duine éigin i gcónaí suas le haghaidh tae agus cómhra. Toisc nach bhfuil aon Ghaeilge ag baint le mo chúrsa, táim an-bhuíoch as an deis chun feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge agus í a labhairt lá i ndiaidh lae!

Abbie Ní Fhiach

Dia dhaoibh, is mise Abbie Ní Fhiach agus is as an gCabhán mé. Tá mé sa chéad bhliain ag staidéar poitigéireachta. Is breá liom a bheith ag imirt spóirt, ag seinm ceoil agus ag caitheamh ama le mo chairde. D'fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge sa Ghaeltacht le Coláiste Spleodar. Creid é nó ná creid, bhí mé sa Ghaeltacht faoi sheacht. Bhí mé chun a bheith i m'ardchinnire i mbliana ach tharla an phaindéim agus bhuel bhí sin sin. Is breá liom an t-árasán agus tá an t-ádh dearg orm go bhfuil an deis agam an Ghaeilge a labhairt lá i ndiaidh lae go háirithe i mbliana toisc nach raibh cúrsaí Gaeltachta ar siúl. Caithfidh mé a admháil go mbíonn neart craic agus spraoi againn i gcónaí go háirithe nuair ba cheart dúinn a bheith ag déanamh ár gcuid léachtaí. Táim ag baint fíor-thaitneamh as a bheith páirteach sa Scéim i mbliana.



Laura Ní Bhrádaigh



Haigh, is mise Laura agus is as Contae na Mí me. Táim sa chead bhliain ag déanamh staidéir ar innealtóireacht agus bainisteoireacht. Tá an-suim agam i gceol - bíim ag canadh agus ag seinm na drumaí. Is maith liom an ealaín agus imríim rugbaí freisin. Is as ceantar Gaeltachta darbh ainm Baile Ghib mé agus is é ansin a phioc me suas mo chuid Gaeilge. D'fhás mo ghrá don teanga nuair a bhí mé sa bhunscoil. Bhí muinteorí iontacha agam agus bhí seans iontach agam an Ghaeilge a fhoghlaim. Tar éis sin d'fhreastail mé ar an nGaeltacht i gColáiste Lurgan chun mo chuid Gaeilge a choimeád suas. Táim iontach sásta bheith ar an Scéim i mbliana chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gColáiste na Tríonóide agus chun bualadh le daoine a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.

Pádraig Mac Brádaigh

Haigh, is mise Pádraig Mac Brádaigh agus is as Nua-Eabhrac mé. Táim sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar Luath agus Nua-Ghaeilge. Is breá liom teangacha a fhoghlaim agus ceol ó gach cearn den domhan, k-pop ach go háirithe (tabhair seans dó). B'fhéidir go bhfuil tú ag fiafraí díot féin cad chuige a mbeadh suim ag an Meiriceánach seo sa Ghaeilge? Bhuel, ó shin chun a bheith níos baintí le mo chuid cultúir féin. Ba as an gCabhán mo sheantuismitheoirí ar thaobh m'athar agus as Maigh Eo, Liatroim agus Cill Chainnigh mo shin-seantuismitheoirí ar thaobh mo mháthar. Mar Ghael-Mheiriceánach, d'fhás mé aníos ag ceapadh gurbh dhuine Gaelach/Éireannach mé, ach gan mórán eolais ar fhíorchultúr agus fíorthéanga na hÉireann. Tá go leor cairde agam sa bhaile arb as tíortha Áiseacha mar an India agus an tSín a dtuismitheoirí féin. Chuir siad éiginnteacht orm maidir le m'fhéiniúlacht chultúrtha féin a labhairt agus ní raibh mise. Mar sin de, d'fhoghlaim mé an Ghaeilge agus ó shin amach, d'fhásfadh mo ghrá di gach lá. Cé nach bhfuil gach rud mar ba cheart anois mar gheall ar chúrsaí COVID, tá súil agam fós go mbeidh bliain spráil torthúil againn ar an Scéim le chéile.



Niamh Ní Earcáin



Caidé mar atá sibh?! Niamh Ní Earcáin is ainm dom agus is as Dún na nGall mé. Táim sa chéad bhliain ag déanamh staidéar ar an dlí. Bainim sult as a bheith ag seinnt ceoil agus ag imirt peile. Táim mar Oifigeach na Céad Bliana don Chuman Ghaelach agus is mise an duine a bhíonn ag seoladh na mílte téacs chugaibh ;). Cad eile cad eile, bhuel táim i mo chónaí i hallaí na Tríonóide i mbliana agus bíonn an-chraic is an spraoi ag árasán a naoi (scread amach go árasán a naoi) . Táim gafa le TikTok agus mar sin bím ag damhsa i gcónaí (Níl mé cosúil lena cailíní eile). Tá an Ghaeilge antábhachtach i mo shaol agus táim ar “mhuin na muice” le bheith ar an Scéim Chónaithe i mbliana.

Louise Ní Chuillinn

Bhuel heileo ansin, is mise Louise Ní Chuillinn agus is as Ceannanas i gCo. na Mí mé (tá an-cheart agat a chara, an Ceannanas SIN leis an leabhar cailiúil agus an scannán!) Is aoibhinn liom spórt, díospóireachtaí agus Taylor Swift (fiorbhanríon). Ina theannta sin is maith liom a bheith ag tabhairt amach faoi chursaí athchursála agus an timpeallacht. Táim ar mhuin na muice go bhfuair mé áit ar an Scéim, toisc go raibh mé ag iarraidh mo Ghaeilge a choinneáil suas agus níl baint aici le mo chúrsa (DlíPol). Tá cuid lárnach ag an Ghaeilge i mo shaol. Cónaím díreach in aice na Gaeltachta sa bhaile agus bhí múinteoir den scoth agam sa mheánscoil, a thug grá láidir dom d'ár dteanga álainn. Mholfainn do chuile dhuine an Ghaeilge a choinneáil suas san ollscoil, is cuma an caighdeán atá agat, toisc go bhfuil pobal Ghaelach an-dheas againn i gColáiste na Tríonóide.



Antaine Breathnach



Dia dhaoibh, is mise Antaine Breathnach agus is as Béal an Mhuirthead dom i gContae Mhaigh Eo. Táimse sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar BESS. Is duine iontach sóisialta agus cairdiúil mé, ní thaitníonn liom a bheith saite sa bhaile agus mar sin is mise an duine a bhíonn's i gcónaí i gceannas ar imeachtaí a eagrú le mo chairde. I m'am saor is aoibhinn liom a bheith ag imirt spóirt. Is iad peil ghaelach agus galf na spóirt is fearr liom agus caithfear a admháil go bhfuil mé iontach comórtasach leo. Fiú gur as an nGaeltacht mé, níor fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge ach ar scoil agus Coláiste Samhraidh Coláiste Uisce amháin. Nuair a bhí mé níos óige ba fhuath liom an teanga agus cheap mé nach raibh luach ann chun í a dhéanamh ar scoil, ach tar éis dhá seachtain i gColáiste Uisce agus an chéad bhliain le mo mhúinteoir iontach sa mheánscoil bhí m'intinn go hiomlán athruithe. Sé bhliain síos an mbóthar tá mé tar éis trí chúrsaí Gaeltachta a dhéanamh mar dhalta, seacht a oibriú mar chinnire agus anois tar éis Samhraidh ar fad a chaitheamh mar Mhaoirseoir is léir go bhfuil an Ghaeilge mar chuid mhór de mo phearsanta. Tuigim anois an fíor luach a bhfuil ag an nGaeilge agus táim iontach bhródúil as a bheith ar an Scéim i mbliana.

Beibhinn Ní Scanláin

Dia dhaoibh, Bebhinn is ainm dom agus is as baile Ceatharlach mé i gContae Ceatharlach. Táim i mo chéad bhliain ag déanamh staidéir ar Thíreolas agus Socheolaíocht. D'fhreastail mé ar ghaelscoil agus gaelcholáiste nuair a bhíos ar scoil agus de bhrí sin ní fhéadfadh liom smaoineamh ar am i mo shaol nach raibh an Ghaeilge mar ról lárnach ann. Taitníonn ceol agus damhsa go mór liom agus seinnim réimse d'uirlisí ceoil agus tá súil agam go mbeidh muid go léir in ann an chraic a bheith againn ag na tithe tabhairne go luath.



Zachary Laplaud



Dia Dhaoibh! Is mise Zac agus is as Beanntaí in Iarthar Chorcaí dom. Táim sa chéad bhlian ag déanamh staidéir ar PPES, sin le rá Féalsúnacht, Eolaíocht Polaitiúla, Eacnamaíocht, agus Socheolaíocht. Táim ar an Scéim i Halla na Tríonóide. D'freastalaís ar Ghaelscoileanna ar feadh mo shaol iomlán agus bhí mo mhéanscoil suite i nGaeltacht Mhúscraí. Sílim gurb uaidh sin gur mhúsclaíodh an grá don teanga ionam. Áfach, bhí spéis agam i dteangacha ar feadh mo shaol ar fad toisc gur tógadh mé go tritheangach, leis an bhFraincís ó m'athair. Seachas sin, tá an-spéis agam i gcúrsaí polaitiúil, mar a bheadh le fios ón gcúrsa atá á dhéanamh agam. I dtaobh caitheamh aimsirí de, bainim an-taitneamh as cluichí boird, agus sular tháinig mé go mBÁC, bhíos an-pháirteach sa domhan cadhcála. Tá súil agam go bhfeicfidh mé sibh go léir le linn na bliana!

Nuair a bhfuair mé na céadta glaonna ó Mhaitiú agus cheap mé gur tharla timpiste ach díreach dhóigh sé a thortillas

Nuair a d'fhoghlaim Brian conas fíor-dhinnéar a dhéanamh (faoi dheireadh) in ionad a bheith ag ithe arán an t-am ar fad.

Conor ag déanamh Tabasco shots

Ag déanamh Santa rúnda agus ag déanamh croitheadh láimhe CLG.

Maitiú agus an peann ag teacht tríd an mballa

Muintir an Champais

Ríognach Ní Aoláin



Dia dhaoibh! Is mise Ríognach Ní Aoláin agus táim mar bhall den Scéim Cónaithe ar champas. Táim sa cheathrú bhliain ag déanamh staidéir ar an bhfisic theoiriciúil ar an drochuair! Is as sráidbhaile beag darbh ainm Baile Dubh i gContae Phórt Láirge mé. Is aoibhinn liom a bheith ag rith, ag taisteal (rud atá saghas deacair anois haha), ag dul chuig Club an Chonartha (Crónaíonn sé go mór uaim) agus go háirithe an Ghaeilge! Seo mo dara uair mar bhall den Scéim agus arís táim ag baint sár taitneamh as a bheith i mo chónaí i measc pobail iontach bríomhar agus ar ndóigh Gaelach! Táim ag súil go mór le bualadh le gach ball den Scéim i gceart i ndiaidh an dianghlasáil. Gan dabht an focail Gaeilge is fearr liom ná "bothántaíocht." Ar an drochuair níl mórán chun a bheith ag cúlchaint faoi na laethanta seo ach is aoibhinn liom é a dhéanamh thar cupán tae le mo chomrádaí tí gach lá ar aon nós!

Clódagh Piper de Breit

Dia dhaoibh! Is mise Clodagh agus táim sa 4ú bhliain ag déanamh staidéir ar an Dlí! Is breá liom a bheith ag taisteal agus ag taiscéalaíocht in áiteanna randamacha agus iargúlta nua. Rud mór a chrónaíonn uaim ón mbaile ná mo mhadra Riley, agus a bheith ag dul ar siúlóidí leis. Cad é an focal is fearr leat as Gaeilge? Is breá liom an focal nóiníní! Táim thar a bheith sásta a bheith mar bhall den Scéim arís i mbliana agus seans a fháil an Ghaeilge a chur in úsáid chuile lá!



Eimear Finan



Dia dhaoibh! Eimear Finan is ainm dom. Rugadh agus tógadh mé i mBéal Átha hAmhnais i gContae Mhaigh Eo. Tá triúr againn ar Scéim an Champais leis an ainm chéanna, agus is mise an duine is sine dóibh. Tá mé sa cheathrú bhliain, ag déanamh staidéir ar an dlí. Mothaím go bhfuil an t-ádh dearg liom i mbliana agus mé i mo chónaí i lár an champais in éineacht le mo dhlúthchara Ríognach! Níor thaitin an dianghlasáil go mór liom agus an rud is mó go bhfuilim ag tnúth go mór leis ná lámh-mhaisiú a fháil agus dathanna na Nollaig a fháil ar m'ingne! Is aoibhinn liom an Ghaeilge toisc gur chuid d'ár n-oidhreacht í agus mothaím go bhfuil an t-ádh dearg liom a bheith in ann páirt a ghlacadh leis an teanga a chur chun cinn ar champas. Thug sé deis dom bualadh le mo phríomhchairde anseo i gColáiste na Tríonóide! Molfaínn an Scéim d'aon duine atá ag iarraidh saol na Gaeilge a bhlaiseadh taobh amuigh de chúrsaí acadúla.

Rebecca Ní Thréanlámhaigh

Haigh is mise Rebecca Ní Thréanlámhaigh agus is baill den Scéim Cónaithe ar champas mé! Is as Baile Átha Luain mé - croílár na tíre <3. Táim sa dara bhliain ag déanamh stáidéir ar cheol agus mata. Is aoibhinn liom ceol (dár ndóigh), báilé, cispheil, díospóireacht agus an Ghaeilge!! (agus díospóireacht Ghaeilge)! Táim ag tnúth go mór le deireadh an dianghlasála ionas go mbeidh mé ábalta bualadh suas le mo chairde arís agus damhsa gan bheith ag bualadh an troscán i mo sheomra! Ba mhian liom an Ghaeilge a spreagadh agus a labhairt go rialta i rith saol na hOllscoile ar an Scéim agus leis an gCumann Gaelach, cé nach roghnaigh mé é mar mo chúrsa ollscoile acadúla. Mhúscaill grá mór ionam don Ghaeilge ó d'fhreastal mé ar an naíonra agus ar ghaelscoil. Lean mé ar aghaidh ag caint as Gaeilge go rialta le cairde sa mheánscoil (bhí múinteoir Gaeilge den céad scoth agam chomh maith) agus chaith mé ceithre samhraidh sa Ghaeltacht le Spleodar, atáim fós ag obair le faoi láthair agus ag súil go bhfuilim ag spreagadh daoine eile chun na Gaeilge chomh maith wú! Is é mo thuairim ná "tír gan teanga tír gan anam"!



Eimear Ní Chiaráin



Bhuel leids ! Eimear Ní Chiaráin ainm dom agus is mac léinn de chuid BESS na dara bhliain mé. Táim ró-bhródúil as m'áit chónaithe i Sligeach, an áit is fearr ar domhan, ach tá Scéim an Champais sa dara háit gan dabht ar bith ! Ach tá an trá-ma an-mhór anois mar níl an trá i mo 5km :((Caithim fórmhór de m'am ag tae-ing agus plé-ing in ionad ag déanamh mo chuid léachtanna ar líne, ag damhsa mar phiongain le VDP (#panto2021), agus ag freastal ar na himeachtaí iontacha atá eagraithe ag an gCumann Gaelach (#plugplugplug) Táim thar a bheith buíoch chun a bheith ar an Scéim arís i mbliana- is rud an-speisialta é agus is aoibhinn liom ag usáid an teanga chuile lá i mo shaol. Níor fhreastal mé ar ghaelscoil nó ghaelcholáiste mar sin, is deis iontach í mo chuid Gaeilge a fheabhsú agus an grá atá agam don teanga a chur chun cinn !

Claire Ní Bhraonáin

Haigh haigh, is mise Claire Ní Bhraonáin agus táim ar Scéim na dara bliana ar an champais. Táim as Dún na nGall (sea, tá aithne agam ar an Alpaca). Táim ag déanamh stáidéir ar fhisiteiripe. Seo í mo dara bhliain ar an Scéim agus táim an-bhrónach go mbeidh mé críochnaithe leis tar éis an seal seo. Nuair nach bhfuil mé ag ithe brunch leis na #galz faightear mé ag aisteoireacht i ndráma éigin le lucht Players (nó leis an roinn drámaíochta sa Chumann Gaelach!) Is breá liom a bheith mar chroí lár de shaol na Gaeilge sa choláiste tríd an Scéim agus an Cumann Gaelach. Táim ag súil go mór leis an gcuid eile den bhliain seo ar an Scéim.



Róise Hannan



Dia dhaoibh! Is mise Róisín agus is as Béal Feirste mé. Tá mé sa dara bhliain ag déanamh staidéir ar an dlí. Nuair nach bhfuil mé ag scríobh aistí nó ag cuir feabhas ar mo chuid Spáinnise, bíim ag canadh Harry Styles in ard mo chinn agus mo ghutha. Tá mé i mo chónaí ar champas i mblíana, agus tá mé ag baint an-sult go deo as! Tá an t-ádh dearg orm go bhfuil cónaí orm anseo agus mo chuid Gaeilge a úsáid agus an Ghaeilge a chur chun cinn.

Maeve Ní Chearbhalláin

Dia dhaoibh, is mise Maeve!! Is an 'torf mé - an áit is fearr i mBÁC, dar liomsa. Tá mé sa dara bhliain ag déanamh staidéir ar an Léann Eorpach. Nuair nach bhfuil mé ag cócaireacht nó ag tabhairt ceachtanna staire do mo chairde, bíim ag seinm an pianó. Tá mé an-bhuíoch go deo a bheith ar an Scéim i mblíana. Is mór an deis í an Ghaeilge a chur chun cinn gach uile lá, agus níl rud ar bith níos fearr ná bheith ina gcónaí ar champas!



Máire Cáit Ní Chearbhalláin



Dia dhaoibh! Máire Cáit Ní Chearbhalláin is ainm dom agus táim sa dara bhliain ag déanamh staidéir ar dlí chomh maith le teanga na Gearmáinise. Is as contae Luimnigh mé ó dhúchas. Tógadh mé le grá don Ghaeilge agus bhí mo scolaíocht ar fad trí mheán na Gaeilge. Is aoibhinn liom a bheith ag cur na Gaeilge chun cinn gach uile lá agus ba chóir dúinn a bheith bródúil aisti. Seinnim an consairtín, an fheadóg stáin, an fheadóg mhór agus is amhránaí sean nós mé freisin. Is mór an áilleacht a bhaineann le ceol traidisiúnta na hÉireann agus tá sé go hiontach a bheith ábalta an stíl amhránaíochta a choimeád beo. Is mise an Leas Oifigeach Caidrimh Phoiblí don Chumann Gearmánach agus labhraím Fraincis freisin. Nuair a bheidh mo chúrsa críochnaithe, ba mhaith liom a bheith i mo dhlíodóir san Ostair nó sa Ghearmáin.

Jack Dunne

Bhuel a chairde, Jack anseo (Sé/é). Táim sa tríú bhliain ag déanamh staidéir ar Fhisic Theoricúil, ach níl go leor ama agam mar táim an-ghnóthach le mo phost mar Oifigeach Siamsaíochta don Chumann Gaelach, ag eagrú imeachtaí den scoth daoibh. Cén saghas duine mé? Táim ard, déghnéasach, agus imríim rugbaí. Tréithe pearsanta eile? Ní ithim feoil so is féidir liom a rá go bhfuil mé níos fearr duit. Bhí mé ar an Trinity20 an bhliain seo caite so is léir go bhfuil mé i mo BNOC. Nílím ar instagram (ró-cúl) ach is féidir liom a aimsiú ar Twitter @Dunners98. Le meas, Jack



Niall Prior



Dia dhaoibh, is mise Niall Prior. Is mac léinn dlí mé atá sa cheathrú bliain. Cé go gcónaím i mBaile Átha Cliath cheanna féin, theastaigh uaim a bheith mar bhall den Scéim Cónaithe de bhrí go ndearna mé dearmad ar an nGaeilge ar fad a d'fhoghlaim mé sa Gaeltacht (hup Lurgan) agus ar scoil. Chun na firinne a insint, bhí náire orm ar an dtitim a tháinig ar chaighdeán mo chuid Gaeilge, ach anois, táim sásta a rá go bhfuil sé feabhsaithe go mór. Is féidir liom a rá go cinnte go saibhríonn an deis Gaeilge a labhairt gach lá mo shaol. Tá iarracht déanta agam mo nasc leis an dteanga a athbhunú trí a bheith ar an Scéim, trí ghearrscéalta a scríobh trí mheán na Gaeilge, agus trí éisteacht le níos mó ceoil Ghaelaigh. Le linn bliain atá, ar an iomlán, gruama, cuireann na nithe seo le mo chuid sonas. Níl a fhios agam cad é an focal is fearr liom as Gaeilge, ach is aoibheann liom an frása 'siúl ar nós lachan'. Úsáidtear é in áit an focal Béarla 'waddle', agus sílim go gcuireann sé síos ar an ngluaiseacht atá i gceist i bhfad níos fearr. Tá sé fíorghreannmhar chomh maith.

Eimear Fahy

Dia daoibh go léir! Is mise Eimear Fahy, an Eimear dheireanach ar an Scéim don bhliain seo. Is as Contae Loch Garman mé agus tá mé sa tríú bhliain ag déanamh staidéir ar dlí agus gnó. Is aoibhinn liom spórt agus caithim mo chuid ama ag rámháocht, ar shuíomh Ryanair ag féachaint ar eitiltí agus ar aon rud eile seachas staidéar. Seo mo chéad uair ar an Scéim agus táim ag baint sár-thaitneamh as a bheith mar chuid den phobail Gaeilge anseo sa choláiste agus tugann sé deis dom mo Ghaeilge a úsáid go laethúil.



Alannah Ní Mhorlaí



Alannah Ní Mhorlaí is ainm dom agus táim mar bhall den Scéim Cónaithe 2020. Rugadh agus tógadh mé i gcontae Luimnigh. Táim sa cheathrú bhliain ag déanamh staidéir ar Shláinte agus Galar an Duine. Is é an ceol an caitheamh aimsire is mó atá agam agus seinnim an pianó agus an fheadóg mhór.

Nuair a fuaireamar tuiscint níos doimhne faoi ábhar thar a bheith tábhachtach - inrochtanaí - i measc pobal na Gaeilge agus mic léinn eile ar champas.

Nuair a bhíomar ag ól dán árasán agus tháinig fir slándála timpeall ag a 2 sa mhaidín agus bhí siad go léir ag cur tóirse ar an tsíleáil ach bhí siad ró leisciúil chun na ceithre staighre a dhreapadh so d'fhág siad.



SCÉIM DHARTRAÍ

BLIAIN 1: ÁRASÁN 87.07

Aisling, Aimee, Brian, Áine, Laura, Abbie

Bhain chuile dhuine in árasán 87.07 an-sult as a bheith páirteach ar an Scéim i mblíana. I rith téarma na Féile Michíl, d'eagraíomar dhá imeacht ar Zoom: rang pilates le múinteoir pilates Rút ar Zoom agus rinneamar sraith oidis roimh an Nollaig ar Instagram.

Cé nach raibh muid in ann dul amach mar árasán i mblíana mar gheall ar na horduithe dianghlása, tá cairdeas den scoth againn tar éis go leor glaonna Zoom agus imeachtaí ar line a dhéanamh le chéile san árasán. Dar linn, chaitheamar níos mó ama le chéile mar árasán ná aon bhliain eile riamh!

An téarma seo, tá cúpla rudaí pleanáilte againn agus táimid ag súil go mór leo. Beidh Instagram beo ar siúl ar an 25ú Márta agus beidh muid ag múineadh na treoracha le haghaidh pasta Gigi Hadid ar an oíche. An tseachtain ina dhiaidh sin, beidh oíche manglam (neamh-mheisciúla!) ar siúl ar Zoom. Beidh píosa spóirt agus spraoi le fáil an oíche sin!



BLIAIN 1: ÁRASÁN 87.09

Pádraig, Niamh, Louise, Antaine, Beibhinn, Zachary

I Halla na Tríonóide, tá trí árasán ar an Scéim Chónaithe, ach is é an ceann is fearr acu (dar linne) ná 87.09. Tá triúr buachaillí, triúr cailíní agus gach cineál Gaeilge ar domhan le fáil anseo. Ag tús na bliana, bhí deacrachtaí fiú a chéile a thuiscint go hiomlán i gceart mar gheall ar fhoirmeacha briathair Corcaíochta ar leith agus an fhuaim “ú” a thagann ag deireadh mórán focal i gcanúint Uladh. Is muidne an t-árasán is domhanda fosta toisc go bhfuil Meiriceánach (an té atá ag scríobh, Dia duit) ina chónaí anseo chomh maith. Árasán é ina bhfuil barúlacha láidre teasaí ag gach duine, agus is dá bharr seo go rabhamar ábalta neart díospóireachtaí agus dianchomhráite a bheith againn. Bhaineamar an-taitneamh as na tionscadail Scéime atá curtha i gcríoch againn i rith na bliana. Táimid bródúil as an méid oibre a chuireamar isteach iontu. Le linn an chéad téarma, chuireamar trí thionscadal i gcrích: cuntas TikTok a chur ar bun, fóram an nGaeilge do mhic léinn idirnáisiúnta agus seó cluichí bunaithe ar an gclár “Take Me Out.” Maidir leis an dara téarma, chinneamar leanúint ar aghaidh ag déanamh TikToks agus d’eagraíomar oíche thráth na gceist. Seo é an scéal s’againne ónar mbliain mar chuid den Scéim Chónaithe anseo sna Hallaí.

De dheasca an víris atá ar siúl go domhanda le níos mó ná bliain anuas, an dúshlán a bhí romhainn agus roimh gach árasán na Scéime Cónaithe ná na himeachtaí go léir a eagrú ar líne. Ó fhás an víris, tá TikTok, aip mheáin shóisialta, éirithe ar cheann de na haipeanna is úsáidte do dhéagóirí. Ní bhíonn físeáin ach nóiméad amháin ar fad agus is minic a éiríonn leis na físeáin is cruthaithí. Rud éigin a d'fhoghlaímíomar ná go mbíonn tuilleadh tóra ar na cinn a thaifeadtar i ngrúpaí agus roinnt daoine ag glacadh páirte. Thaifeadamar dhá fhíseán a ndearnadh méarscaipeadh orthu. Tá an chéad a ceann, a bhfuil níos mó ná 55,000 amharc aige, faoi dhifríochtaí idir na canúintí. Baineadh siar asainn ag an méid airde a fuair an físeán sin agus ó shin, bhíomar ag súil le físeán eile a chur suas a dhéanfadh an rud céanna. Leanamar ar aghaidh ag cur físeán suas ar an gcuntas isteach sa dara téarma agus nach raibh an t-ádh orainn gur tharla sé arís: méarscaipeadh. Bhí an dara ceann faoi fhocail Ghaeilge nach bhfuil a leithéid sa Bhéarla. Bhí fiú níos mó tóra ar an gceann sin agus tá thart ar 70,000 amharc aige agus mé á scríobh seo. Bhaineamar an-sult as iad a dhéanamh agus d'úsáideamar an t-eolas a bhí againn ar nósanna na haipe chun daoine a tharraingt chuig ár gcuntas.

Ó thaobh na himeachtaí eile de, úsáideadh Zoom chun iad a chur i gcrích. Sa chéad téarma, tharraingeamar slua mór go dtí “Tóg Amach Mé,” seó cluichí ina roghnaigh cailíní buachaillí bunaithe ar cheisteanna fúthu féin a d'fhreagair siad. Ina dhiaidh sin, d'eagraíomar “Fóram um an nGaeilge do Mhic Léinn Idirnáisiúnta” lenár gcairde ón Scéim i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath lena ndearnamar físeán eile faoi sheirbhísí Gaeilge atá ar fáil ansin. An téarma seo, chuireamar tráth na gceist i gcrích mar a luadh cheana agus thairingeamar dearbhán Just Eat don bhuaiteoir chun daoine a mhealladh chuig an imeacht. Níl aon amhras go bhfuil bliain ait caite againn go léir, ach creidim go láidir gur bhain árasán 87.09 leas chomh mór agus b'fhéidir aisti. Toisc gur daoine chomh éagsúil muid óna chéile, d'fhoghlaímíomar mar a oibriú le chéile chun imeachtaí siamsúil spráíúil a chur ar siúl. Muna féidir ach rud amháin a rá, séard ná nach ndéanfaimid dearmad ar an mbliain seo sa Scéim Chónaithe in árasán 87.09 i Halla na Tríonóide go deo.

An chéad oíche nuair a bhíomar sna Hallaí, d'imir mise (Louise), Niamh, Zac agus Pádraig cluiche bord le chéile. Ba é an chéad uair a bhuaileamar le chéile agus bhí na vibes go hiontach. Bhí a fhios againn ansin go mbeadh árasán álainn againn.

Nuair a rinneamar Pilates le chéile agus ní raibh clú ag éinne conas é a dhéanamh.

Timpeall Oíche Shamhna bhí mé féin (Niamh), Zac agus Louis ag gearradh puimcín agus bhí am den scoth againn. Ansin d'úsáid muid an puimcín chun pancóga puimcín a ullmhú don dinnéar agus bhí siad an-bhlasta ar fad!



BLIAIN 2: ÁRASÁN 87.10

Niamh, Maitiú, Conchúr, Tara, Eimear

Le deireadh na bliana ag teannadh linn, tá sé in am dúinn machnamh a dhéanamh ar na tógraí a bhí ar siúl againn i mbliana. Thiocfadh leat a rá go raibh an dara bhliain ag déanamh cuid mhór oibre sa chúlra, ach ní féidir a shéanadh gur bhain muid lán ár gcumais amach agus muid ag obair le chéile mar ghrúpa.

An chéad tionscnamh a bhí á reachtáil againn ná Daonra na Scéime. An rud a bhí i gceist ann ná ag bailiú na próifílí álainn a léigh tú san irisleabhar seo! Jab mór a bhí ann, a lean ar feadh Téarma na Féile Michíl ar fad. Bhí sé chomh suimiúil na scéalta a bhí ag gach duine maidir lena ngrá don Ghaeilge a léamh agus a fhoilsiú. Chuir muid na próifílí ar fad ar leathanach Instagram @sceimtcid ionas go bhfaidheadh daoine aithne orainn mar ghrúpa.

An dara thógra a bhí ar siúl againn ná an t-irisleabhar aoibhinn seo a eagrú! Bhí muid ag tnúth go mbeadh sé lán de phictiúir, eolas fúinne agus píosaí léitheoireachta agus siamsaíochta. Tá súil againn go bhfuil tú ag baint taitnimh as é a léamh. Tá ár gcroíthe istigh ann. <3

Coinnigh súil amach do na pictiúir dúinne ag deireadh an irisleabhair!



Muintir an Champaís

Ríognach, Eimear, Rebecca, Clodagh

Thug an Scéim deis iontach dúinn dhá imeacht fíor spéisiúil a chur ar siúil i mblíana. I rith an chéad téarma d'eagraíomar Plé painéal ar an ábhar 'Gairmeacha le Gaeilge'. Bhí Caitlín Nic Aoidh atá mar Láithreoir Aimsire le TG4, Ciarán Wadd a oibríonn le Conradh na Gaeilge mar an Feidhmeannach Oideachais agus Ballraíochta agus Cecily Nic Cionnaith a bhunaigh an comhlacht Gaeilgheansaí ann mar aoichaoointeoirí ar an oíche. Bhí an léargas a thug siad dúinn faoi na deiseanna atá ann chun oibre leis an Gaeilge amach anseo fíor shuimiúil. Chuireamar Plé Painéal eile ar siúil i rith an 2ú téarma agus arís bhí ábhar fíor thábhachtach á phlé againn ar an oíche: Cúrsaí Inrochtaineachta. Thugamar cuireadh de Niamh Herbert, an t-Oifigeach Míchumais le hAontas na Mac Léinn, agus Harry O' Brien ón Trinity Ability Co-Op chun a bheith ar an bpainéal don oíche. Fuair an lucht féachanna tuiscint níos doimhne faoi na seirbhísí atá ar fáil sa choláiste do dhaoine faoi mhíchumas agus conas is féidir linn a bheith níos oscailte do gach uile mac léinn mar phobal na Gaeilge ar champas.



Muintir an Champaís

Eimear, Claire, Róise, Maeve, Mary Kate

Manchán Magan

Rinne muid agallamh beo le Manchán Magan, scríobhneoir agus láithreoir teilifíse. Labhair muid faoin sraith teilifíse a chuir Manchán i lathair, “No Béarla”, agus an Ghaeilge i measc daoine óga san lá atá inniu ann. Labhair muid faoin leabhair a scríobh Manchán chomh maith, agus an Ghaeilge san litríocht.

Sínead Ní Uallacháin

Rinne muid agallamh beo le Sínead Ní Uallacháin, láithreoir teilifíse agus raidió, ar Zoom. Labhair muid léi faoin phodchraoladh a dhéanann sí in éineacht le Siún Ní Dhúin agus Áine Ní Bhreisleáin, a bhíonn á chraoladh acu ar RTÉ Raidió 1 agus an rath atá tágtha ar an phodchraoladh seo. Labhair muid léi ansin faoin chlár fáisnéise a rinne sí le déanaí bunaithe ar Pheig Sayers, agus an athbheochan a bhí atá déanta aici ar Sayers.

Cian O’Gríofa (Gaylegoirí)

Bhíomar i dteangmháil leis an influencer cailiúil Gaylegoirí. Tá 13.1k leanúintí aige ar Instagram agus déanann sé a ndícheall chun an Ghaeilge a scapadh. Rinne sé físean dúinn ag freagairt cuid de na ceistanna a bhí againn dó faoi a shaol, an Ghaeilge agus a bheith mar fhear aerach sa phobal. Rinne muid collab le Qsóc Choláiste na Tríonóide chomh maith, chun an fhísean a scapadh.



Muintir an Champais

Jack, Niall, Eimear, Alannah

Chuireamar Oíche Filíochta agus Próis ar siúl mar saghas leanúint d'ár gcéad tógra, "Dánacht." Cosúil le "Dánacht," bhíomar ag iarraidh ardáin a thabhairt do mhic léinn chun dán nó gearrscéal a léiriú. Bhí glaoch Zúm againn, agus bhí neart daoine ábalta rud speisialta a léamh. Oíche dheas a bhí ann, agus bhaineamar an-taitneamh as.

Le haghaidh ár dtógra don chéad téarma, bhíomar ag iarraidh rud difriúil a dhéanamh mar bhí an-chuid eachtraí Zúm ag tarlú. Bheartaigh muid iris a chruthú chun spás a tabhairt do lucht na Gaeilge iad féin a chuir in iúl agus chun deis a thabhairt do muintir na Gaeilge í a úsáid.

Is féidir teacht ar an eagrán ag www.danacht.com

An Ciorcal Comhrá

LE CONCHÚR Ó FIONN



AILT

Is é an ciorcal comhrá áit gur féidir le mic léinn, foireann, agus an Pobal Gaeilge i gColáiste na Tríonóide (agus gach duine eile!) Gaeilge a spreagadh, a shealbhú, agus í a labhairt. Bíonn sé ar siúl i mbliana ag a 10:30 r.n - 12:00 i.n gach uile Déardaoin nó Aoine ar an idirlíon tríd an ardán 'Zoom'. Is rud é ar an idirlíon gur féidir leat a bheith ag caint le duine ar bith, agus tá rogha ar an gclár chun do cheamara a úsáid chomh maith.

De ghnáth, bíonn an ciorcal comhrá ag tárú taobh istigh den Bhutrach in aice le Halla an Phrionntí i gColáiste na Tríonóide. Tá áit álainn Gaeilge againn san áit sin ar champas, mar tá an Scéim Cónaithe, Seomra na Gaeilge, agus an áit sa Bhutrach atá againn chun an Ghaeilge á chur cun cinn. Ach a chairde, níl teorainn ar bith chun do shaol a chaitheamh trí Ghaeilge ar champas.

Buailfidh tú leis na daoine ón Scéim Cónaithe atá i gColáiste na Tríonóide ag an gciorcail comhrá. Táimid i gcónaí timpeall agus muiníneach chun an Ghaeilge a labhairt agus chun cúnamh a thabhairt duit má bhíonn aon cúnamh ag teastáil uait. I rith na bliana, bíimid le chéile ar dtús, agus scaraimid i seomraí briseadh (breakout rooms) chun a bheith ag caint. Athraimid an seomra faoi thrí ama i rith an chiorcail comhrá. Ní bheadh a fhios agat céard a bheidh tú ag caint faoi as Gaeilge, i ndáiríre! Mholfaínn an ciorcal comhrá, domsa, d'éirigh i bhfad níos muiníní ag caint as Gaeilge nuair a bhí mé ag freastal ar an gciorcail comhrá gach uile seachtain.

Má tá suim agat i nGaeilge, agus tá tú ag iarraidh a bheith páirteach sa Chiorcal Comhrá, seol ríomhphost chuig an Oifigeach na Gaeilge, Áine, ag gaeloifig@tcd.ie

Seo griangraf ó ceann de na ciorcail comhrá a bhí againn ar líne i rith na bliana 2021,




Ar aon nós a chara, tá súil agam go bhfeicfidh mé tú ag an gciorcail comhrá go luath. Go dtí sin, slán agus tóg aire!

Éigse 2021

Le Tara Ní Mhaoldúin Ní Bhreasláin

AILT





Ag féachaint siar ar na blianta fadó fadó, naoi déag seachtó seacht, seachtó ocht... bhí Seachtain na hÉigse cosúil le Electric Picnic! Lena Chieftains, ceardlanna, ceolchoirm agus céillithe, seachtain den chéad scoth a bhí ann. I mbliana, bhí Seachtain na hÉigse cuibheasach difriúil ach bhí an amchláir ag cur thar maoil le himeachtaí.

Ach go háirithe i mbliana, bhí brú ar na meáin sóisialta ag teastáil. Bhí na himeachtaí go léir ar zoom nó ar line. Bhuaileamar le daoine nua ach go háirithe daoine nach raibh ag imeachtaí as Gaeilge cheana agus daoine nach mbeimis in ann teacht orthu lá eile.

De réir an tseachtain ar fad ar line, bhí daoine ó gach cúinne den choláiste ag freastal ar na himeachtaí. Ní raibh orthu ach an ríomhaire a oscailt agus mar sin, bhí an Ghaeilge scaipthe ar fud fad an choláiste agus oscailte do chách, ní hamháin na daoine atá ar champas, nó na daoine in ann teacht ar Sheomra na Gaeilge nó na daoine ina gcónaí i mBaile Átha Cliath.

Is maith an rud é na himeachtaí ar líne mar sin, fiú agus muid ag streachailt leis an dianghlasáil. Tá an t-idirlíon agus an Ghaeilge oscailte do gach duine agus ba cheart. Agus ní dhéanfaimid dearmad ar an Éigse i mbliana go deo.





Scéal Sammy

AILT

Agus an ceacht mhúineann sí dúinn
ó thaobh na timpeallachta de

LE MAITIÚ DE BHÁLTÚN



Thiteamar i ngrá leis an **sionnach** álainn láidir seo - Sammy - i rith an chéad dianghlasáil ar ais i Mí Aibreáin.


Tháinig clú agus cáil ar Sam i rith an chéad **dianghlasáil** nuair a bhí an ollscoil dúnta do chách agus í ag siúl tríd na cathrach gan duine ar bith le cur isteach uirthi. Cé go raibh buntáistí ag baint leis an dianghlasáil maidir le **truailliú aeir**, torainn agus mar sin de, fadhb amháin a bhí ag Sammy bhocht ná nach raibh dótháin fuílligh aici agus cathair Bhaile Átha Cliath gan daoine. Bhí sí ag streachailt chun bia a fháil di féin agus d'éirigh sí tinn dá bharr.

Ach dea-scéal faoi leith atá ann, buíochas le foireann na Tríonóide, a d'fhág béilí le hantaibheathaigh istigh iontu agus Sammy in ann **tearmann** a fháil di féin ón athrú iomlán a tháinig ar a saol. Tháinig biseach ar an sionnach agus creid é nó ná creid, ó shin, chas sí le Prince: sionnach galánta cosúil

léi féin agus píosa staire is ea an chuid eile de; thit siad i ngrá le chéile agus í ag iompar clainne faoi láthair! Is fíor é go mbíonn dea-scéal i ngach drochscéal.

Áfach, cad is féidir linne foghlaim ó scéal Sammy?

Léiríonn an scéal gur mór an tionchar atá ag an gcine daonna ar ainmhithe fiú nuair a nach bhfuilimid inár gcathracha agus bailte. Faoi láthair, tá go leor ama againn le bheith ag smaoineamh ar ár gcaidreamh leis an **bhfiadhúlra**. Is féidir linn athrú a chur ar conas a chaithimid le nádúr, conas a smaoinimid faoin dtimpeallacht inár gcathracha. Cé gur dea-scéal é scéal Sammy, bhí agus tá sionnaigh, éin, plándaí agus gach ainmhí eile ag streachailt de bharr an easpa spáis, nádúr agus meas a fhágtar dóibh sna cathracha i 2021.



Agus cad is féidir linn a dhéanamh?

Is féidir todhchaí a thabhairt do Sammy agus a clann sa chathair. Léiríonn an dul chun cinn maidir le **bithéagsúlacht** i gColáiste na Tríonóide gur féidir linn an t-athrú ceart a dhéanamh.

Go bunúsach, caithfear cosc a chur ar charranna agus an céim mór chun cinn a dhéanamh maidir le hathbhunú speicis san fhiántas. Beidh orainn spás glas a chaomhnú agus a chruthú timpeall aibhneacha agus sna páirceanna. Tá an spás againn d'ainmhithe fiáine, ach an bhfuil an meas againn dóibh? Bhuel, a chairde, **is fúinne atá sé**.

Stór focal

- Sionnach ~ fox
- Dianghlasáil ~ lockdown
- Truaillú aeir ~ air pollution
- Termann ~ sanctuary
- Fiadhúlra ~ wildlife
- Bithéagsúlacht ~ biodiversity
- Is fúinne atá sé - It's up to us!

Easpa Ghaeilge á fháil agat ar líne na laethanta seo? Bhuel tá an t-eolas ar fad againne, seo chugaibh na 9 gcuntais Gaelacha is fearr i 2021:



9. Peascaeasca ~ 11.6k (Insta)

Na memes Gaelacha is fearr riamh? Ó sea. Ní cheapfeá gur leathanach é do mhuintir na hArdteiste! Má tá fonn ort do stór focal, scileanna labhartha nó scríofa a fheabhsú trí memes oireann sé seo duit!

8. Cuplafocal ~ 21.1k (Insta)

Gach cúpla lá, tugtar cúpla focal dúinn! Is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat; geallaim duit go mbeidh tearma faoi leith foghlaimthe agat faoi dheireadh na seachtaine.

7. Gaeilgevibes ~ 17.2k (Insta)

Díreach mar a cheapfeá; vibeanna maithe trí Ghaeilge! Frásaí dearfacha agus imirtis focal chun snás a chur ar do theanga dhúchais gan strus. Múinteoir atá againn i Siobhán mar sin ní gá bheith buartha faoin gciall ná gramadach.

6. Narudaibeaga ~ 3.9k (Insta)

Fiú nach bhfuil an méid céanna leantóirí i gceist leis an gceann seo, is fiú an cuntas a leanúint má tá focail shuimiúla & píosaí beaga gramadaí uait agus an PopUp Gaeltacht in easnamh i 2021.

5. Clodafoto ~ 6.6k (Insta)

Gaeilge agus ealaín: mar is ceart. Ní bheidh spás fágtha agat ar do chuisneoir nó balla do sheomra i nidaídh breathnú ar an leathanach seo. Teachtaireachtaí dóchasacha a spreagann féinmhachnamh agus muid ag déileáil le deacrachtaí an tsaol. Tá sé seo riachtanach.

4. buailtin ~ 17.2k (Twitter)

Má tá vibeanna na Gaeltachta uaibh, is é an leaid seo a bheadh in ann cabhrú libh. Iriseoir le TG4 is é Seán agus bíonn na scéalta ar fad aige ó na Gaeltachtaí; i rith Ophelia nó ag lorg Fungie (ar dheis dé), bíonn tú i gcónaí suas chun dáta agus Seán ar d'amlíne.

3. Glowingwithgaeilge ~ 12.6k (Insta)

Cailín na Gaillimhe a bhíonn á mháisiú íomhánna le teachtaireachtaí gleoite a chuirfeadh suaimhneas ort le linn na scrúduithe. An raibh fiú an béarla agat ar “seirindipíocht”? Mise ach an oiread!

2. TG4 ~ 65k (Twitter)

Cé h(i)é inteirn TG4? Is cuma linn, ach an rud is tábhachtaí ná go bhfanann siad sa ról atá acu. Bíonn an cuntas seo ag spreagadh comhráite aisteacha idir Ghaeilgeoirí agus Béarlóirí araon.

1. muinteoirmeg ~ 21.6k (Insta)

Is í Múinteoir Meg an tionchaire is déanaí ar Instagram na laethanta seo: faisean, traenáil, leabhair agus bia - tá sé go léir ar siúl ag an mbean seo. Bheifeá in éad ag féachaint ar an méid atá ar siúl aici agus í ina údar ina dtéannta!

seomra ar leithligh:
breakout room

An deireadh seachtaine atá ann
bulochas le Dial!
An deireadh seachtaine:



Mise ag iarraidh dul a chodladh
tar éis cúpla néal codlata a
ghlacadh le linn an lae



Acrastaic le Jack Dunne

Phléasc ár tsaol nuair a chuireadh gach rud
 Ar cheal, ar ais
 I Mhí an Márta.
 Ní raibh clú agam ag an am, go mbeimis fós le
 Dianghlasáil, naoi mí sa todhchaí. Is mór an náire
 É. Theip an rialtas orainn. Ba bhrea liom a bheith
 I Nua Shéalainn, ar
 Meisce i gclub oíche.



Sliocht ó "An Grá" le Tara ní Mhaoldúin Bhreasláin

Is é an grá ábhar grinn agus scéalta
 Agus an raidió agus an caint agus an síochán
 agus a n-amhairc agus a mbéilte
 a chuireann tú ar do shuaimhneas, na barróga
 agus an cumas a gcupán tae a dhéanamh go díreach....


Saol an Mhic Léinn



Ranganna ar líne,
 Mo ríomhaire glúine sa leaba,
 Ró-leisciúil chun éirigh,
 Rud a léiríonn m'easpa spreagadh.

Mascanna á chaitheamh,
 Scaradh sóisialta sna sráide
 Ní theastaíonn uaim ach barróg,
 Agus meangadh beag gáire.

Beimid mar mhic léinn ceart arís,
 Ag maireachtáil gan aon imní,
 Teach tábhairne agus clubanna oíche ar oscailt,
 Táim ag súil leis an todhchaí.



Vaicsíní ar fáil anois,
 Is comhartha dóchais é,
 Beidh gach rud mar is cóir arís,
 Le cuidiú Dé.

Le Hazel Ní Bhroin

CLUICHÍ

Oibrigh Amach

1. Céard é an droichead is gaire duit?
2. Cén rud nach bhfuil mórán maitheasa ann go dtí go mbristear é?
3. Céard a thugtar chuig an mbord agus a ghearrtar ach nach n-itear?
4. Droichead ar loch, gan adhmaid ná cloch?
5. Feicimse é is ní fheiceann tusa é. Is gaire duitse é ná domsa.

Bingo na Scéime

Tá fáinne agam	Rinne mé TikTok as Gaeilge	Rinne mé dearmad ar an gCiorcal Comhrá	Tá rud éigin agam le Gaeilge air	Bhí mé ar an Scéim faoi dhó
Tá athrú tagtha ar mo bhlás	Éistim le KNEECAP	Labhraím níos mó Gaeilge ná Béarla	Leanaim cuntas Gaelach ar Instagram	Tá mé paro faoin ghramadach
Rinne mé na boscaí bruascaire	D'úsáid mé Seomra na Gaeilge i rith na bliana	SAOR	Éistim le Raidió na Life	Labhraím Gaeilge sa bhaile
Tá mé bainteach leis an gCumann Gaelach	D'fhreastail mé ar Ghaelscoil	Sheol mé na céadta ríomphoist chuig Áine	D'úsáid mé Gaeilge Uladh trí thimpiste	D'fhreastail mé ar an Ghaeltacht
Tá m'ainm scríofa trí Ghaeilge ar Facebook nó Instagram	D'ordaigh mé geansaí na Scéime	Tá bród orm go bhfuil mé ar an Scéim	Sheol mé Trinder isteach	Fuair mé Deliveroo dhá lá i ndiaidh a chéile

CLUICHÍ

Guardach
Focal

c v y k s g c d n o p o i h i g o e v c
j r y e l e a b h a r l a n n c f u l u
g l u q b r h f x w h g a n h á q i v i
u h n i v m c e q q q s n p u i v l a v
f n t d c t c u f x c d h m o s w u y t
k h w n k é f e m y h l y f o w t f v k
a u r c t j a s o a n b w a e g f i d t
i r o r b j o d t l n x l o t u s í j x
o m k a g c g í a t f n t a d q q y o p
h f p i j v u o x k r h g l r b g v i n
k x k c e m u s z t c d o a w e l i e e
s y b s n d a p q i i z c i e j r q c x
d k e v u b É ó p d k h e o r l x k ó m
j y i j f f i i f a a r a t l e a g r q
d d y c m c g r f m t p s l t á a c f e
l u k d w l s e h h o z o z l k i n h o
y b o u f e e a l s d w c q x a z s n z
m e c z y z f c j a x g h h h t í h t i
g e f n f u u h n z w s a w r x p g b e
r u g b a í h t v i a t í x o c q s a m



Sochaí
Cór
Ceolfhoireann
Rugbaí

Damhsa
Coláiste
Craic
Díospóireacht

Cruicéad
Éigse
Leabharlann
Cumann Gaelach

Cáis
Fíon
Hallaí





Trinity Hall Green Week
22.2.21 - 26.2.21

MONDAY Meatless Monday Dine with @foodforjoy	TUESDAY Thrift Shop Tuesday Swap Shop Launch & DIY Bucket Hat with @sew_it_seams
WEDNESDAY Waste Watch Wednesday Litter Competition & Compost Bin Distribution	THURSDAY Grow a Garden Thursday Launch of the JCR Garden
FRIDAY Focail le cairde Friday @quarantinefm & Scéim chat sustainability 2pm Wear green!	JCR

Buíochas le hOifig na Gaeilge

COLÁISTE NA TRÍONÓIDE

